C/2024/5986

2.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11587 – MASDAR / EDFR / NESMA / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5986)

1. An 25 Meán Fómhair 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Abu Dhabi Future Energy Company PJSC ('Masdar', Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha),

— Electricité de France S.A. ('EDF', an Fhrainc),

— Nesma Company Limited ('Nesma', an Araib Shádach).

Gheobhaidh Masdar, EDF agus Nesma rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar chomhfhiontair, Sana Taibah for Renewable Energy Company LLC ('JV', an Araib Shádach).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta fuinnimh in-athnuaite agus inbhuanaitheachta í Masdar a fhorbraíonn réitigh i dtaca le fuinneamh, uisce, forbairt uirbeach agus teicneolaíochtaí glana in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus ar fud an domhain,

— Tá EDF gníomhach go príomha i dtáirgeadh agus mórdhíol, trádáil, agus soláthar leictreachais, mar aon le soláthar seirbhísí eile a bhfuil baint acu le leictreachas agus le fuinneamh,

— Tá punann gnó ag Nesma i roinnt réimsí, go háirithe cúrsaí innealtóireachta, cúrsaí tógála, cúrsaí leictrimheicniúla, cúrsaí bonneagair, cúrsaí ola agus gáis, agus cúrsaí fáilteachais, go príomha san Araib Shádach, in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus san Éigipt.

3. Is iad na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gcomhfhiontar giniúint, tarchur agus dáileadh leictreachais san Araib Shádach.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11587 – MASDAR / EDFR / NESMA / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË